

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Uimhir Aitheantais TUSLA:	TU2015GY168
----------------------------------	-------------

Ainm na Seirbhíse:	Ionad Cúram Leanaí na Ceathrún Rua
---------------------------	------------------------------------

Seoladh na Seirbhíse:	An Cheathrú Rua, Co.na Gaillimhe
------------------------------	----------------------------------

Eirchód:	H91 K3VW
-----------------	----------

Ainm an tSoláthraí Chláraithe:	Ray Mac Pháidín
---------------------------------------	-----------------

Cineál na Seirbhíse	Lá Iomlán, Páirtaimseartha, Seisiúnach
----------------------------	--

Dáta na Cigireachta:	16/04/2026
-----------------------------	------------

Líon na leanaí réamhscoile:	R.N	61	I.N	21
------------------------------------	-----	----	-----	----

Seoladh na Cigireachta Luathbhlianta:	Cigireacht na Luathbhlianta, An Stiúrthóireacht um Dhearbhu Cáilíochta, Foirgneamh Cliniciúil & Riaracháin, Bloc A- (1ú Urlár-Conair Ghlais), Páirc Mhuirlinne, Gaillimh.
Cigireacht arna déanamh ag:	F Nic Dhonnacha
Teideal :	Cigire na Luathbhlianta

Údarás chun cigireacht a dhéanamh

Déanann Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla cigireacht ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna chur isteach le hAlt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013).

Coinníollacha, má bhaineann le hábhar	Gliceáil nó tapáil anseo chun téacs a chur isteach.
--	---

TÚSLA An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach Child and Family Agency	Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 agus Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Leasú) 2016 QMS Ref: EYI-RRT12.1_IE V2.0 03/03/2023 Uimhir Aitheantais na Seirbhíse: TU2015GY168	1 de 13
--	--	---------

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Cur síos ar an tseirbhís

Tá an naíonraí seo suite in áitreabh saintógtha in eastát tionsclaíoch i sráidbhaile Gaeltachta na Ceathrún Rua, Co na Gaillimhe. Cuireann an tseirbhís seo soláthar cúraim lae iomlán ar fáil ó 08.30 go dtí 17.30 uair an chloig agus ó 09.00 go dtí 14.00 uair an chloig ó Luan go hAoine. Cuirtear na cláir chúraim réamhscoile agus an chlár cúraim seisiúnach um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) ar fáil freisin ó 09.00 go dtí 12.00 uair an chloig ó Luan go hAoine. Tá an tseirbhís cláraithe do pháistí réamhscoile idir 0 agus 6 bliana d'aois. Tá an tseirbhís cláraithe freisin chun freastal ar pháistí in aois scoile a bhfuil clár iarscoile acu. Tá a chistin féin ag an áitreabh, áit a ndéantar príomhbhéilí leanaí a ullmhú, a chócaráil agus a stóráil ar an láthair. Tá leapacha caighdeánaithe, leapacha cruachta ar fáil do na naíonáin agus do na leanaí le haghaidh soláthar codlata. Bhí cúig sheomra súgartha i bhfeidhm ar lá na cigireachta agus ainmníodh na seomraí seo mar- An Seomra Naíonán, Seomra do Leanaí (Lapadáin), Naíonra 3 (seomra nua), Naíonra 2 agus Naíonra 1. Bhí limistéar ciúin chun scíthe a chur ar fáil do na páistí i ngach seomra súgartha. Cuirtear curaclam réamhscoile ar faáil atá dírithe ar spraoi agus ar leasanna atá ag teacht chun cinn. Tá limistéar súgartha ainmnithe os comhair an áitribh agus limistéar féir atá slán ar imlíne seachtrach an áitribh. Tá an naíolann á rialú ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus cuirtear oidhreacht agus cultúr Gaeilge an cheantair chun cinn sa tseirbhís.

Soláthar foirne

Tá an soláthraí cláraithe neamh-uimhriúl agus mar chuid de bhord bainistíochta Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus ní ar an áitreabh go laethúil. Tá duine ainmnithe i gceannas agus leas duine i gceannas ainmnithe más gá. Ar lá na cigireachta, bhí an duine i gceannas i láthair agus cócaire a ullmhaíonn, a chócaíonn agus a sheirbheálann na béilí agus na sneaiceanna. Tá ceathrar ball foirne is fiche san iomlán seachas an soláthraí cláraithe, ag obair san áitreabh. Tá Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) ag seacht bhfoireann déag atá ag obair san áitreabh ag Leibhéal 5 ar a laghad, Cúram agus Oideachas na Luath-Óige. Tá fianaise dhoiciméadach ag an bhfoireann maidir le hoiliúint agus oideachas leanúnach.

Modheolaíocht

Is í Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla, rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhínítear i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 dualgas an tsoláthraí chláráithe sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus cloí leis na riachtanais seo. Tugann an tAcht seo údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na rialacháin. Is é is aidhm le rialáil maidir le seirbhísí óige ná a chinntiú go seastar le cúram, sábháilteacht, agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí seo. Pleanáiltear cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta bunaithe ar na pointí seo a leanas:

- Stair chigireachta na seirbhíse

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

- Eolas ar bith a fhaightear maidir leis an tseirbhís
- Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar:
- Eolas a fhaightear trí dhoiciméid a imscrúdú
- Breathnú díreach
- Plé le baill foirne ábhartha

Ba chigireacht neamh-fhógartha é seo, agus díródh ar rialachas sláinte, folláine agus forbairt an linbh, sábháilteacht, áitreabh agus saoráidí lena linn. Féadfaidh cigireacht díriú ar réimsí eile chomh maith, de réir mar is gá.

Baineadh úsáid as próiseas samplála chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh faoi rialachán 15 Taifead Linbh Réamhscoile agus Rialachán 16 Taifead i ndáil le Seirbhís Réamhscoile.

Leagtar amach torthaí na cigireachta sa tuarascáil maidir leis an gcigireacht a eisítear mar dhréacht-tuarascáil ar dtús chuig an tseirbhís, agus bíonn deis ag an tseirbhís freagra a thabhairt ar thorthaí ar bith a luaitear inti. I gcás go sainaithnítear nach bhfuil ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe léiriú a thabhairt ar an mbealach a réitíodh an neamhchomhlíonadh agus mar a chuirfear cosc ar an neamhchomhlíonadh amach anseo. Úsáidfear an plean um Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coiscitheach (CAPA) chun bonn eolais a chur le cinntí maidir le comhlíonadh le ceanglais rialála. I gcás nach n-éiríonn leis an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar próiseas géaraithe a thosú.

Forchoimeádann an Chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar fhreagraí a fhaightear ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear soiléireacht; iomláine; agus chun próisis riaracháin agus dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is í an Chigireacht a thiomsaíonn ábhar na tuarascála.

Buíochas

Is mian leis an gCigireacht buíochas a ghabháil leis an duine i bhfeighil, leis an bhfoireann agus leis na leanaí a bhí i láthair ar lá na cigireachta as a gcomhoibriú ar fad.

Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-

(a) go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá,

(b) go mbeidh an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna ainmniú nó arna hainmniú dá dtagraítear i bhfomhír (a) san áitreabh gach tráth le linn na tréimhse ina mbeidh an tseirbhís réamhscoile á seoladh.

(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe gur duine oiriúnach inniúil gach fostaí, gach oibrí nach n-íoctar agus gach conraitheoir, agus cineál na riachtanas a bhíonn ar leanaí á chur san áireamh, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh–

(a) breithniú ar theistiméireacht ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,

(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaoifa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,

(c) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus

d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.

(3) Déanfar na nósanna imeachta a shonraítear i mír (2) a chur i gcrích sula ndéanfar aon duine a cheapadh nó a shannadh nó sula gceadófar dó nó di rochtain a bheith aige nó aici ar leanbh nó teagmháil a bheith aige nó aici le leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.

(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearálacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach léi sin, ar a laghad.

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta

Réamhscoil

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

- (1)(a) Tá duine ainmnithe i gceannas agus bhí cuigear ainmnithe ar fáil le hionadaíocht sa tseirbhís má bhí gá.
- (b) Bhí na leas-dhaoine i gceannas ar fáil nuair a tháinig an cigire agus tháinig an duine ainmnithe i gceannas ag 10.15r.n agus d'fhan sí ar an láthair ar feadh ré na cigireachta.
- Ar lá na cigireachta, rinneadh athbhreithniú ar 25 lena n-áirítear an soláthraí cláraithe, an duine atá i gceannas, 2 chócaire, an riarthóir, 15 a sholáthraíonn cúram díreach do na páistí réamhscoile agus 5 ball foirne a sholáthraíonn an clár iarscoile do na páistí in aois scoile.
- (2)(a) Bhí ocht theistiméireacht is fiche ar fáil ar chomhad sa tseirbhís agus iad ar fad bhailíochtaithe.
- (b) Bhí dhá thagairt is fiche scríofa ar fáil ar chomhad ó fhoinse seachas iarfhostóir agus iad ar fad bhailíochtaithe.
- (c) Fuarthas nochtadh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána do gach 25 duine fásta. Léirigh an tseirbhís freisin go gcomhlíontar an Fógra Rialála Cigireachta Luathbhlianta lena gceanglaítear ar sheirbhísí grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a athnuachan gach trí bliana.
- (d) Léirigh fianaise dhoiciméadach nach raibh aon duine fásta ina gcónaí lasmuigh den dlínse ar feadh tréimhse níos faide ná níos mó ná 6 mhí as a chéile, agus os cionn 18 mbliana d'aois, dá bhrí sin, ní raibh grinnfhiosrúcháin póilíní ag teastáil.
- (3) Rinneadh na nósanna imeachta a shonraítear i mír (2) sular ceapadh, sular sannadh nó sular ceadaíodh rochtain d'aon duine le leanbh a bhí ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.
- (4) Bhí fianaise ag 17 a bhí ag obair go díreach leis na leanaí ar Cháilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) Leibhéal 5 go Leibhéal 8, i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige.

Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

Rialachán 11 - Leibhéal Foirne

- (1) *Subject to this Regulation, a registered provider shall ensure that there is at all times an adequate number of adults working directly with the children attending the pre-school service.*
- (2) *Subject to paragraphs (4) and (5), a registered provider of a full day care service or a part-time day care service shall ensure that at all times the minimum ratio of adults to children specified in column (3) of Part 1 of Schedule 6*

opposite a particular reference number specified in column (1) of that Part in respect of the age range of the children specified in column (2) thereof at that reference number is satisfied.

(8) Without prejudice to paragraphs (2) to (7)-

(a) a registered provider of a pre-school service other than a child-minding service or a sessional pre-school service shall ensure that there are at least 2 adults on the premises at all times,

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(1) Le linn thréimhse na cigireachta, chinntigh an soláthraí cláraithe go raibh líon leordhóthanach foirne ag obair go díreach leis na leanaí.

(2) Le linn uaireanta oibre na seirbhíse coinníodh an cóimheas idir daoine fásta agus leanaí.

- Sa seomra Naíonán bhí 4 pháiste idir 1 agus 2 bhliain d'aois agus bhí beirt bhall foirne ag tabhairt aire go díreach do na páistí seo.
- Sa seomra do na Lapadáin bhí 12 leanbh idir 2 agus 3 bliana d'aois agus bhí beirt fhoireann ag tabhairt aire dhíreach do na páistí seo.
- Sa seomra nua Naíonra 3 bhí 6 pháiste idir 3-5 bliana d'aois agus bhí ball foirne amháin ag tabhairt aire dhíreach do na páistí seo.
- I seomra Naíonra 2 bhí 20 páiste idir 3-5 bliana d'aois agus bhí beirt bhall foirne ag tabhairt aire do na páistí seo.
- I seomra Naíonra 1 bhí 19 páiste idir 3-5 bliana d'aois agus bhí 3 fhoireann ag tabhairt aire go díreach do na páistí seo.

Ina theannta sin, bhí an bainisteoir i gceannas a thug cúnamh leis an gcuid riaracháin den iniúchadh agus a chuir faoiseamh cúram leanaí ar fáil, nuair ba ghá i rith an lae.

Bhí cócaire na cistine ar an láthair sa chistin seirbhíse ag ullmhú, ag cócaireacht, ag freastal agus ag stóráil sneaiceanna agus béilí na bpáistí sa tseirbhís réamhscoile.

Bhí 5 fhoireann bainteach go díreach leis an gclár iarscoile do pháistí.

(8)(a) Léirigh fianaise dhoiciméadach ar uainchlár foirne go raibh beirt dhaoine fásta ar a laghad san áitreabh nuair a bhí an réamhscoil ag feidhmiú.

Cuid IV – Faisnéis agus Taifid

Rialachán 15 – Taifead ar leanbh réamhscoile

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhíse réamhscoile i lárionad buail isteach nó seirbhís réamhscoile shealadach go gcoimeádfar taifead i scríbhinn i leith gach linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ina mbeidh na sonraí seo a leanas:

- (a) ainm agus dáta breithe an linbh;
- (b) an dáta a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís den chéad uair;
- (c) an dáta a scoir an leanbh de bheith ag freastal ar an tseirbhís;
- (d) ainm agus seoladh tuismitheora nó caomhnóra leis an leanbh agus uimhir theileafóin lenar féidir dul i dteagmháil leis an tuismitheoir nó leis an gcaomhnóir sin nó le gaol nó le cara leis an leanbh le linn uaireanta oibríochta na seirbhíse;
- (e) údarú chun an leanbh a bhailiú;
- (f) mionsonraí aon bhreiteachta, aon mhíchumais, aon ailléirge nó aon riachtanais speisialta ar an leanbh, mar aon leis an bhfaisnéis go léir is iomchuí maidir le cúram nó aire speisialta a sholáthar;
- (g) ainm agus uimhir theileafóin lia-chleachtóir cláraithe an linbh;
- (h) taifead ar imdhíontaí, más ann, a fuair an leanbh;
- (i) toiliú i scríbhinn ó thuismitheoir chun cóireáil chuí liachta a chur ar an leanbh i gcás éigeandála.

(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoinneofar taifead i scríbhinn dá dtagraítear i mír (1) ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a scoirfidh an leanbh lena mbaineann sé de bheith ag freastal ar an tseirbhís.

(5) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoinneofar taifead i scríbhinn dá dtagraítear i mír (2) ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a fhreastalóidh an leanbh ar an tseirbhís.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(1)(a)(b)(c)(d)(e)(f)(g)(h) & (i)

Rinne an Cigire luathbhlianta athbhreithniú ar shampla de 15 thaifead leanaí.

Bhí na hiontrálacha a ndearnadh athbhreithniú orthu fíorasach, comhsheasmhach agus cruinn. Bhí an méid seo a leanas sna 15 thaifead randamacha leanaí:

- (a) Ainm agus dáta breithe an linbh.
- (b) An dáta ar a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís den chéad uair.
- (c) An dáta ar a stop an leanbh ag freastal ar an tseirbhís (nuair is cuí).
- (d) Ainm agus seoladh tuismitheora nó caomhnóra an linbh, agus uimhir theileafóin i gcás ina bhfuil an tuismitheoir sin nó is féidir teagmháil a dhéanamh le caomhnóir (nó le gaol nó cara an tuismitheora nó

an linbh) le linn uaireanta oibríochta.

- (e) Údarú / cead scríofa chun an leanbh a bhailiú.
- (f) Déantar sonraí a thaifeadadh maidir le haon tinneas, ailléirge, nó riachtanas breise a bhí ag an leanbh, mar aon leis na riachtanais go léir faisnéis a bhaineann le cúram nó aire sonrach a sholáthar.
- (g) Ainm agus uimhir theileafóin lia-chleachtóir cláraithe an linbh.
- (h) Taifead ar aon vacsaínithe a bhí ag an leanbh.
- (i) Cuireadh toiliú scríofa tuismitheora nó caomhnóra san áireamh chun ligean don leanbh leighis cuí a bheith aige cóireáil má bhí / tá éigeandáil ann.

(4)&(5) Chuir an duine i gceannas comhairle agus fianaise dhoiciméadach ón athbhreithniú comhad le fios, go raibh an réamhscoil go raibh córas aige chun go gcoimeádfaí gach taifead ábhartha do leanaí ar feadh 2 bhliain ón dáta a stopann leanbh ag freastal ar an tseirbhís.

Cuid IV – Faisnéis agus Taifid

Rialachán 16 – Taifead i ndáil le seirbhís réamhscoile

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn ar an bhfaisnéis seo a leanas i ndáil leis an tseirbhís:

(g) na beartais, na nósanna imeachta agus na ráitis a cheanglaítear ar an tseirbhís a chothabháil de réir Rialachán 10;

(h) mionsonraí i dtaobh freastal ag gach leanbh réamhscoile ar bhonn laethúil;

(i) mionsonraí i dtaobh uainchlár foirne ar bhonn laethúil;

(j) mionsonraí i dtaobh aon chógas a thugtar do leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís agus toiliú sínithe ó thuismitheoir ina dteannta;

(k) mionsonraí i dtaobh aon tionóisc, aon díobháil nó aon teagmhas a bhainfidh do leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(1) (g) Bhí na polasaithe na nósanna imeachta agus an ráiteas seirbhíse ar fáil i bhfillteán lá na cigireachta.

(h) Rinneadh sonraí faoi fhreastal leanaí a thaifeadadh go cruinn.

(i) Bhí uainchlár foirne ar fáil.

(j) Bhí cáipéisíocht ar fáil chun a thaispeáint go raibh toiliú tuismitheora sínithe ag teastáil sula ndéanfaí cógais a riaradh do leanbh, más gá, agus gur chóir riarachán cógais a fhinné.

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

(k) Taifeadadh sonraí faoi thimpistí agus eachtraí, bhí fianaise ar fáil go raibh tuismitheoirí a chur ar an eolas tar éis timpiste nó eachtra a bhaineann lena leanbh.

Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile

Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt linbh

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, le linn dó nó di a bheith ag soláthar seirbhís réamhscoile—

(a) go ndéanfar foghlaim, forbairt agus leas gach linbh a urasú laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí cuí, an idirghníomhaíocht chuí, na hábhair chuí agus an trealamh cuí a sholáthar, ag féachaint d'aois agus do chéim forbartha an linbh, agus

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(1)(a)

Éascaíodh foghlaim, forbairt agus folláine na bpáistí laistigh den tseirbhís trí ghníomhaíochtaí, idirghníomhaíochtaí, ábhair agus trealamh cuí a chur ar fáil, ag féachaint d'aois agus do chéim forbartha na leanaí. Bhí cúig sheomra súgartha i bhfeidhm le linn na cigireachta.

Riachtanais Bhunúsacha na Leanaí:

- Chaith na daoine fásta leis na páistí ar bhealach cineálta agus comhbhách, agus baineadh úsáid as straitéisí iompraíochta dearfacha le linn idirghníomhaíochtaí. Labhair na daoine fásta leis na páistí ar bhealach íogair agus measúil, d'úsáid siad gutha bhoga, chuaigh siad i ngleic leis na páistí ar a leibhéal agus d'fhreagair siad go pras dá gcuid leideanna chun cúnamh agus compord a thabhairt doibh nuair a bhí sé ag teastail.
- Spreagadh na páistí chun a bheith neamhspleách i súgradh agus i bhfoghlaim, agus iad ag tabhairt aire dá gcuid rudaí agus ag baint úsáide as an leithreas. Rinne an fhoireann maoirseacht agus cóireáil ar na páistí ar bhealach íogair le linn athruithe clúdíní agus dul ag an leithris. Spreagadh agus tugadh tacaíocht do na páistí chun a gcúram pearsanta féin a bhainistiú a oireann dá n-aois agus dá leibhéal forbartha.
- Bhí polasaí bia sláintiúil i bhfeidhm, agus chuir na tuismitheoirí bia ar fáil sna naíonraí agus stóráladh go cuí iad sna gcuisneoir. Spreagadh na páistí chun iad féin a bheathú agus cuireadh chun cinn iad a bheith neamhspleách agus bhí sé le feicéal ag am béile go raibh siad suaimhneach gan aon deifir.
- D'aistrigh na páistí ón limistéar taobh istigh go dtí an limistéar lasmuigh le haghaidh gníomhaíochtaí súgartha. Chuir an fhoireann in iúl don chigire go mbeadh na páistí ag súgradh amuigh faoin aer ar bhonn laethúil.

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Caidrimh Thacaíochta:

- Thug na daoine fásta moladh agus spreagadh, agus tugadh meas agus tacaíocht do pháistí agus iad ag roghnú gníomhaíochtaí aonair agus grúpaí. Cuireadh réimse gníomhaíochtaí súgartha agus foghlama dúshlánach ar fáil do na páistí i ngach seomra súgartha, agus tugadh faoi deara go raibh na páistí páirteach go hiomlán agus go raibh siad páirteach i ngach gníomhaíocht sna timpeallachtaí laistigh agus lasmuigh.
- Breathnaíodh cur chuige príomh phearsa i ngach seomra súgartha, léirigh an fhoireann leibhéal cuí eolais ar roghanna, spéiseanna agus cumais aonair na leanaí. Lean na daoine fásta treoir na bpáistí sna seomraí súgartha, agus tugadh tacaíocht do na páistí i gcónaí nuair a bhí sé ag teastail.
- Bhí na seomraí súgartha ag freastal ar ghnáthamh amhairc agus ar thaispeántais a thaispeánann léaráidí grianghrafadóireachta chun tacú le gach leanbh agus an clár cúraim a chur san airéamh. Bhí spéiseanna na bpáistí ar taispeáint sna seomraí súgartha.
- Cuireadh na páistí ar an eolas roimh ré faoi athruithe sna gníomhaíochtaí. Cuireadh na haistrithe sa chlár cúraim i gcrích ar bhealach socair i ngach ceann de na seomraí súgartha. D'oibrigh na daoine fásta go héifeachtach le chéile chun an clár cúraim agus oideachais a éascú. Rinne na daoine fásta cumarsáid neamh-fhoirmiúil le tuismitheoirí/caomhnóirí ar chórais teachtaireachtaí agus le linn tréimhsí bailithe agus fágála.
- Bhí dialann foghlama ag gach páiste lena saothar ealaíne, téamaí, gníomhaíochtaí, breathnóireachtaí agus grianghraif féin. Ba é téama na seachtaine ná ainmhithe feirme, ag críochniú an tEarrach agus ag tosaigh ar an Samhradh. Breathnaíodh ar na páistí ag éisteacht le scéalín ag am ciorcail faoi ainmhithe. Chonacthas na páistí ag súgradh le gníomhaíochtaí boird, bloic tógála, ag dathú, sórtáil cruthanna, súgradh le cláir bioráin agus súgradh samhailteach i gcoirnéil an tí agus sa cuinne tógála.
- Breathnaíodh ar na páistí ag imirt ar thrí-rothaigh, ag ciceáil liathróid, ag tógáil bloic, ag súgradh sa teach súgartha agus ag rith agus ag tóraíocht a chéile agus iad faoi mhaoirseacht ag daoine fásta san áit spraoi taobh amuigh.

Timpeallacht faoi Dhíon

- Bhí na seomraí súgartha faoi dhíon pleanáilte go maith le limistéir spéise ar leith a thairg spás do ghníomhaíochtaí súgartha agus foghlama dúshlánacha agus éagsúla do na páistí. Bhí boird agus cathaoireacha íseal leibhéil ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí boird agus le haghaidh itheacháin ag am béile.
- I measc na réimsí spéise bhí limistéar scíthe agus léitheoireachta ar fáil le húsáid ag na páistí. I measc na limistéir súgartha breise bhí limistéar ról imirt, ealaín agus ceardaíocht, limistéar tógála, limistéir súgartha mí shlachtmhara, limistéir chruthaitheacha agus samhlaíochta, cúinne tí agus siopa, bord dúlra, limistéar

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta

Réamhscoil

súgartha bog, leabharlann, agus seilfeanna le hábhair agus trealamh súgartha bunaithe ar Montessori agus oideachasúil. Bhí acmhainní fairsinge ar na ceantair seo agus bhí siad inrochtana do na páistí go léir.

- Bhí limistéir phobail áitiúla agus grianghraif de na páistí agus a dteaghlaigh ar na ballaí, bhí litearthacht, áiseanna foghlama uimhriúla agus aibítire, cruthuithe aonair leanaí, crainn teaghlaigh, leideanna amhairc chun lámha a ní, mothúcháin, cúntóirí beaga agus taispeántais pleanála curaclaim agus plean an lae i gceantair eile.
- Bhí suíocháin bhog, mataí agus cúisíní i ngach seomra súgartha do na páistí chun suí, scíth a ligean má roghnaigh siad.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 24 - Seiceáil isteach agus amach agus taifead ar fhreastal

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfaidh fostaí nó oibrí nach n-íoctar gach leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a sheiceáil isteach sa tseirbhís agus amach aisti.

(3) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-

(a) nach féidir le haon duine seachas—

(i) leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís,

(ii) duine atá ag fágáil leanbh den sórt sin ag an tseirbhís nó á bhailiú nó á bailiú ón tseirbhís,

(iii) fostaí, nó

(iv) oibrí nach n-íoctar, teacht isteach san áitreabh gan sin a bheith ceadaithe ag fostaí, agus

(b) go gcoimeádfar taifead laethúil i scríbhinn ar aon duine den sórt sin do theacht isteach san áitreabh.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(1) Bhí leabhar taifead ar fáil a thug mionsonraí ar theacht agus imeacht na bpáistí chuig agus ón tseirbhís go laethúil.

(3)(a) Chinntigh an soláthraí cláraithe nach ndeachaigh aon duine seachas na daoine atá leagtha amach i (i) go (iv) isteach sa tseirbhís gan ceadú roimh ré. Bhí cead scríofa ag an duine atá i gceannas ar gach cuairteoir a taifeadadh.

(b) Bhí taifead scríofa ar fáil ag taifeadadh na gcuariteoirí go léir ag an mbealach isteach chuig an tseirbhís.

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 25 - Garchabhair

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte ar gharchabhair do leanaí ar fáil láithreach i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoil.

(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bosca garchabhrach do leanaí a bhfuil an trealamh cuí ann—

(a) stóráilte go sábháilte in áit fheiceálach san áitreabh ar féidir teacht air gan dua, agus

(b) ar fáil i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(1) Chuir an tseirbhís fianaise ar fáil go raibh 14 bhall foirne oilte i bhFreagróir Garchabhrach do Leanaí (FAR).

Bhí an fhoireann ar fad ar fáil do na páistí a bhí ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.

(2)(a) Bhí bosca garchabhrach a bhí stóráilte go sábháilte, inrochtana go héasca agus in áit fheiceálach sa seomra foirne in aice leis an gcistin agus bhí soláthairtí breise ar fáil i ngach seomra súgartha.

(b) Léirigh an tseirbhís go raibh an mála garchabhrach feistithe go hiomlán agus ar fáil do na páistí a bhí ag freastal ar An bhí seirbhís réamhscoile agus míreanna laistigh den dáta.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 26 - Bearta maidir le sábháilteacht ó dhóiteán

(1) *Cinnteoigh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn—*

(a) *ar aon druil dóiteáin a dhéantar san áitreabh, agus*

(b) *ar líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh chun dóiteán a chomhrac agus na n-aláram deataigh san áitreabh.*

(4) *Déanfar fógra i dtaobh na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.*

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(1)(a) Coimeádadh taifead i scríbhinn do na ndruileanna dóiteáin míosúla sa tseirbhís, ba é an data deireanach a taifeadadh ná ar an 4/3/2026

(b) Coinníodh taifead ar líon, cineál, agus cothabháil an trealaimh comhraicthe dóiteáin leis an seirbhís mbliantúil deireanach dar dáta 12/06/2025.

Bhí an chothabháil bhliantúil don chóras braite deataigh agus dóiteáin dar dáta 19/03/2026.

(4) Bhí fógra faoi na nósanna imeachta atá le leanúint i gcás tine ar taispeáint go feiceálach sna seomraí réamhscoile ar fad.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 28 - Árachas

Cinnteoigh soláthraí cláraithe go mbeidh an tseirbhís réamhscoile faoi árachas leordhóthanach.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

Bhí árachas leordhóthanach ar fáil do leanaí réamhscoile i seirbhís cúraim lae iomlán le dáta éaga 27/11/2026.

Early Years Inspectorate Regulatory Report

Pre School

TUSLA Identifier:	TU2015GY168
--------------------------	-------------

Name of Service:	Ionad Cúram Leanaí na Ceathrún Rua
-------------------------	------------------------------------

Address of Service:	An Cheathrú Rua, Co. Galway
----------------------------	-----------------------------

Eircode:	H91 K3VW
-----------------	----------

Name of Registered Provider:	Ray Mac Pháidín
-------------------------------------	-----------------

Service type:	Full Day, Part Time, Sessional
----------------------	--------------------------------

Date of Inspection:	16/04/2026
----------------------------	------------

No of pre-school children:	AM	61	PM	21
